**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar,
nó caillfear marcanna.**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe Anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

## TÍREOLAÍOCHT -ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 - FILLTEÁN


DÉ LUAIN 14 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30

**ROINN 1 (60 MARC)**

Caithfear tabhairt faoi **gach** ceist.
Tá rogha agat *laistigh* de thrí cheist.
Déan deimhin de an fillteán seo a chur ar ais
le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

## 1. ACMHAINNÍ OLA DOMHANDA

**STOC OLA PROFA DOMHANDA AGUS A ROINNT, 2001**




Léigh na ráitis thíos.  Níl na ráitis go léir fíor.

1. Tá 65.3% den stoc ola profa ag an Meánoirthear.
2. Tá an % is lú den stoc ola profa ag an Eoraip.
3. Tá % nios lú de stoc ola ag Meiriceá Thuaidh, Theas agus Lár ná mar atá ag an sean-Aontas Sóivéideach.
4. Tá 261.8 míle milliún tona de stoc ola ag An Araib Shádach.
5. Tá níos lú de stoc ola ag an Iaráic ná ag na Stáit Aontaithe.

Tá na ráitis atá ceart uimhrithe thíos.
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

**1 2 3** ☐

**2 4 5** ☐

**1 3 5** ☐

**1 2 4** ☐

## 2. LÉARSCÁIL AIMSIRE


Scrúdaigh an léarscáil aimsire agus freagair na ceisteanna thíos:

(i) ***Cuir isteach*** *an focal ARD in áit chuí ar an léarscáil.*

(ii) ***Ciorclaigh*** *an focal ceart i* ***ngach*** *ceann de na habairtí thíos*.

- Tá na gaotha siar ó Éirinn **láidir / caoin**.

- De réir mar a rachaidh an fronta fuar trasna na hÉireann tabharfaidh sé **grian agus teochta níos airde / báisteach agus teochta níos ísle**.




**FREAGAIR 3A NÓ 3B**

## 3A. CREATHANNA TALÚN

Scrúdaigh an léaráid thíos a thaispeánann conas a tharlaíonn CRITH TALÚN.

*Sa bhosca atá ann, cuir isteach gach ceann de na lipéid A, B, agus C a thaispeántar ar an léaráid lena théarma meaitseála seo a leanas*: **FORLÁR; FÓCAS; PLÁTAÍ IMBHUAILTE.**

| TÉARMA | LITIR |
|---|---|
| **Forlár** | |
| **Plátaí Imbhuailte** | |
| **Fócas** | |




**NÓ**

## 3B SÍONCHAITHEAMH

Taispeánann an fótagraf torthaí an tsíonchaithimh ar leacht poiblí.
Tá sé seo mar thoradh:



Ar Shíonchaitheamh Fisiceach ☐

Ar Shíonchaitheamh Bitheolaíoch ☐


Ar Aimsir Ghrianmhar ☐

Ar Shíonchaitheamh Ceimiceach ☐

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

## 4. CAITEACHAS AR CHAITHEAMH AIMSIRE

Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann an caiteachas ar Chaitheamh Aimsire mar % de chaiteachas teaghlaigh.




*Ainmnigh na **trí** tíortha leis an % is airde caiteachais ar Chaitheamh Aimsire.*


1. ____________________


2. ____________________


3. ____________________

## 5. SUÍOMH BAILTE MÓRA

Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos a thaispeánann suíomh trí bhaile.




*Meatsáil ainm an bhaile leis an gcur síos ar a shuíomh.*


Scríobh do fhreagra sa bhosca atá ann.

| AINM AN BHAILE | CUR SÍOS |
|---|---|
| | Sár-Shuíomh Cosanta in aice abhann a bhí ann. |
| | Tá sé suite ag Pointe Droichid. |
| | Is Pointe Nódach é ar abhainn, áit a bhuaileann bóithre le chéile. |

FREAGAIR CEIST 6A NÓ 6B

## 6A. LÉARSCÁIL GHEOLAÍOCH NA hÉIREANN

Scrúdaigh Léarscáil Gheolaíoch na hÉireann agus freagair na ceisteanna a leanann é:




*Ainmnigh an* ***phríomhcharraig*** *a fhaightear ag na suímh seo a leanas.*


Faightear an charraig ___________________________________ san OIRTHUAISCEART.

Faightear an charraig ___________________________________ go forleathan i LÁR NA TÍRE.

NÓ

## 6B. PLEAN BHAILE DHÚN NA nGALL

Scrúdaigh plean Bhaile Dhún an nGall agus freagair na ceisteanna a leanann é.




(i) Cén logainm i mbaile Dhún na nGall a thugann le fios gur baile margaidh é seo.


_______________________________________________________________

(ii) Aithin píosa fianaise a thugann le fios gur lonnaíocht chosanta a bhí sa bhaile seo tráth.

_______________________________________________________________

**7. STRUCHTÚR DAONRA**

Taispeánann an léaráid struchtúr daonra tíre.





(i) *Cén t-ainm a thugtar do léaráid mar seo* ____________________

(ii) ***Ciorclaigh** an freagra ceart i **ngach** ceann de na ceisteanna seo a leanas.*

- Tagraíonn an structúr daonra seo do **Thír Fhorbartha / do Thír i mbéal Forbartha**.
- Is é an céatadán den daonra faoi 5 bliana ná **5 % , 10 % , 22 %** .

**8. TAIFID AIMSIRE**




Léigh na ráitis thíos. Níl siad go léir fíor.

1. Idir 8 r.n agus 10 r.n ba é an tAerbhrú ná 980 milleabar.
2. Idir 4 r.n agus 8 r.n mhéadaigh an tAerluas.
3. Mhéadaigh an tAerluas de réir mar a mhéadaigh an tAerbhrú.
4. De réir mar a thit an tAerbhrú, mhéadaigh an tAerluas.
5. Shroich an tAerluas an pointe is tapúla ag deireadh na tréimhse 24 uair an chloig.

Tá na ráitis cearta uimhrithe thíos. *Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | **3** | **5** | ☐ |
| **1** | **2** | **3** | ☐ |
| **1** | **2** | **4** | ☐ |
| **3** | **4** | **5** | ☐ |

## 9. SUÍOMH TIONSCLAÍOCH

*Mol **trí** chúis go bhfuil Éire mar shuíomh tarraingteach do Chomhlachtaí Ilnáisiúnta.*


**A.** ____________________

**B.** ____________________

**C.** ____________________

## 10. ITHIR

Taispeánann an léaráid Ithirphróifíl de ithir atá Láiste.




- *Cuir isteach na focail **HÚMAS** agus **CRUA- CHISEAL** ag an áit chuí ar na línte atá ann.*
- ***Ciorclaigh** an freagra ceart san abairt thíos:*

  Ìs é a thugtar ar an saghas seo ithreach ná **Donnithir / Podsal**.

## FREAGAIR 11A NÓ 11B


### 11A. GNÉITHE OIGHRIÚCHÁIN

Taispeánann an léaráid limistéar ardtalún a bhí Oighrithe.

*Sa bhosca atá ann, cuir isteach gach ceann de na lipéid A, B agus C a thaispéantar ar an léaráid lena théarma meaitseála*:

**Coire, Gleann Crochta agus Adharc.**

| TÉARMA | LITIR |
|---|---|
| **Coire** | |
| **Gleann Crochta** | |
| **Adharc** | |




**NÓ**

### 11B. GNÉITHE AN CHÓSTA

**Déan staidéar ar an bhfótagraf de thírghnéithe chósta.**


Tógadh an fótagraf seo i 1984.


Taispeánann an sceitse líne an chósta céanna sa bhliain 2001.

- *Ainmnigh na gnéithe chósta marcáilte A agus B.*

**A** ________________________________________ **B** ________________________________________

- ***Ar an sceitse,*** *ainmnigh an ghné **C**.*



## 12. BÁISTEACH

Is é an saghas Báistí a thaispeántar sa léaráid thíos ná:


Báisteach Rilífe ☐

Báisteach Fhrontach ☐

Báisteach Éadrom ☐


Báisteach Chomhiompair ☐

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*




## 13. TOSCA A IMRÍONN TIONCHAR AR AERÁID

Scrúdaigh an léarscáil de **Theochta Domhanda**.





*An féidir leat a mhíniú cén fáth a bhfuil na farraigí ag* ***X*** *níos teo ná na farraigí ag* ***Y****?*

Freagra ______________________________________________________________

**14. TÉAMH DOMHANDA**

Scrúdaigh an léaráid "**Ardú Teochta**" agus freagair na ceisteanna seo a leanas.




***Ciorclaigh*** an freagra ceart i ***ngach*** ceann de na habairtí seo a leanas:

(i) I rith an fichiú haois d'ardaigh teochta **1.4°C / 0.6°C**.


(ii) Faoin mbliain 2100 táthar ag súil go n-ardóidh teochta idir **0.6°C go 1.4°C / 1.4°C go 5.8°C**.


(iii) Is é an príomhchúis den Téamh Domhanda ná astú $CO_2$/Báisteach Aigéadach.

**15. SCILEANNA STAITISTICE**


Taispeánann an phíchairt an Comhshuíomh Ithreach.

*Críochnaigh agus cuir lipéid ar an dronuilleog roinnte, ag úsáid an eolais sa phíchairt.*



**16. DAONRA na hÉIREANN**




Léigh na ráitis thíos. Níl siad go léir fíor.

1. I 1995 bhí 63.9% den daonra idir 15 agus 64.
2. Faoi 2006 méadóidh % an daonra os cionn 65 bliana i gcomparáid le 1995.
3. Bhí an % os cionn 65 níos mó i 1871 ná i 1995.
4. Bhí méadú ar % an daonra os cionn 65 gach bliain.
5. Bhí an % faoi 15 níos lú i 1871 ná i 1995.

Tá na ráitis cearta uimhrithe thíos.

*Cuir tic (✓ ) sa bhosca ceart.*

**1 2 3** ☐

**2 4 5** ☐

**1 3 5** ☐


**1 3 4** ☐

## 17. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH----CARTÚN

Cé acu de na ráitis seo a leanas a chuireann síos is fearr ar an eolas a thaispeántar sa chartún?

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Bíonn cónaitheoirí nua ó limistéir forimeallacha ag déanamh ionradh de shíor ar Chathair Bhaile Átha Cliath | ☐ |
| (ii) | Tá Cathair Bhaile Átha Cliath cosúil le logán i gcruth sásair | ☐ |
| (iii) | Tógann bailte nua lasmuigh de Bhaile Átha Claith an sceitheadh daonra ón gcathair | ☐ |
| (iv) | Bíonn Tamhlacht de shíor ag ísliú i ndaonra | ☐ |

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*




## 18. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS – FAD

Ríomhaigh fad bóthair N59 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil (**G** 289 230) go dtí an áit a dtrasnaíonn sé abhainn na Muaidhe ag an droichead (**G** 249 190)

Is é an fad ná______________________________ciliméadar

## 19. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS - AIRDE

*Sna boscaí atá ann meaitseáil gach litir i gcolún **X** lena phéire i gcolún **Y**.*

Tá péire amháin líonta isteach duit

| Colún X | Colún Y |
|---|---|
| **A** **G** 256 146 | **1.** níos lú ná 10 méadar |
| **B** **G** 266 154 | **2.** 19 méadar |
| **C** **G** 222 228 | **3.** 10 méadar |
| **D** **G** 185 183 | **4.** níos mó ná 40 méadar |

| X | Y |
|---|---|
| A | 1 |
| B | |
| C | |
| D | |

## 20. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh abhainn na Muaidhe ar an léarscáil.

**(i)** ***Ciorclaigh** an freagra ceart san abairt **thíos.***

- ❑ Tá fianaise ann go bhfuil abhainn na Muaidhe i gcéim **na hÓige / Seanaoise**.

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis do do fhreagra.

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

# Leathanach Bán